**Leasú 115**
**Marian-Jean Marinescu**
thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil** **A9-0070/2024**
**Pascal Canfin**
Cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair
(COM(2023)0441 – C9-0305/2023 – 2023/0266(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 1– mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bunaítear leis an Rialachán seo rialacha maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair a thosaíonn ***nó*** a chríochnaíonn ar chríoch an Aontais. | Bunaítear leis an Rialachán seo rialacha maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair a thosaíonn ***agus*** a chríochnaíonn ar chríoch an Aontais. |

Or. en

4.4.2024 A9-0070/116

**Leasú 116**
**Marian-Jean Marinescu**
thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil** **A9-0070/2024**
**Pascal Canfin**
Cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair
(COM(2023)0441 – C9-0305/2023 – 2023/0266(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir ***le haon eintiteas*** a sholáthraíonn nó a eagraíonn seirbhísí lasta agus paisinéara san Aontas a ríomhann astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhíse iompair a thosaíonn ***nó*** a chríochnaíonn ar chríoch an Aontais agus a nochtann faisnéis dhí-chomhiomlánaithe maidir leis na hastaíochtaí sin d’aon tríú páirtí ***chun críoch tráchtála nó rialála***. | Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le***:*** |
| | ***(a) heintitis*** a sholáthraíonn nó a eagraíonn seirbhísí ***iompair*** lasta agus paisinéara san Aontas a ríomhann astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhíse iompair a thosaíonn ***agus*** a chríochnaíonn ar chríoch an Aontais***,*** agus a nochtann faisnéis dhí-chomhiomlánaithe maidir leis na hastaíochtaí sin do thríú páirtithe***.*** |
| | ***(b) idirghabhálaithe sonraí a ríomhann faisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair agus nach nochtann ach faisnéis maidir leis na hastaíochtaí sin a sholáthraíonn eintiteas lena mbaineann nó duine dlítheanach nó nádúrtha ábhartha eile***. |

Or. en

**Leasú 117**
**Marian-Jean Marinescu**
thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil** **A9-0070/2024**
**Pascal Canfin**
Cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair
(COM(2023)0441 – C9-0305/2023 – 2023/0266(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) ciallaíonn 'eintiteas lena mbaineann' eintiteas a ríomhann astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhíse iompair a thosaíonn nó a chríochnaíonn ar chríoch an Aontais agus a nochtann faisnéis maidir leis na hastaíochtaí sin d'aon tríú páirtí, chun críoch tráchtála nó rialála; | (12) ciallaíonn 'eintiteas lena mbaineann' eintiteas a ríomhann astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhíse iompair a thosaíonn ***agus*** a chríochnaíonn ar chríoch an Aontais agus a nochtann faisnéis maidir leis na hastaíochtaí sin d'aon tríú páirtí, chun críoch tráchtála nó rialála; |

Or. en

**Leasú 118**
**Marian-Jean Marinescu**
thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil** **A9-0070/2024**
**Pascal Canfin**
Cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair
(COM(2023)0441 – C9-0305/2023 – 2023/0266(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair ***a ríomh ar bhonn*** na ***modheolaíochta a shainítear i gcaighdeán EN ISO 14083:2023, ina leagan cothrom le dáta, agus ar bhonn na rialacha a leagtar amach i gCaibidil III den Rialachán seo***. | 1. ***Áireofar an méid seo a leanas*** ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair: |
| | ***(a) sciar ‘tobar go roth’ na n-astaíochtaí a bhaineann leis an tseirbhís iompair;*** |
| | ***(b) sciar na n-astaíochtaí a bhaineann le táirgeadh, cothabháil agus deireadh ré*** na ***feithicle a úsáideann an tseirbhís iompair***. |

Or. en



Aontaithe san éagsúlacht

**Leasú 119**
**Marian-Jean Marinescu**
thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil** **A9-0070/2024**
**Pascal Canfin**
Cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair
(COM(2023)0441 – C9-0305/2023 – 2023/0266(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Déanfar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón tobar go dtí an roth maidir le seirbhísí iompair a ríomh ar bhonn na modheolaíochta a shainítear i gcaighdeán EN ISO 14083:2023, ina leagan cothrom le dáta, agus ar bhonn na rialacha a leagtar amach i gCaibidil III den Rialachán seo.*** |

Or. en

**Leasú 120**
**Marian-Jean Marinescu**
thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil** **A9-0070/2024**
**Pascal Canfin**
Cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair
(COM(2023)0441 – C9-0305/2023 – 2023/0266(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 b. Déanfar sciar na n-astaíochtaí a bhaineann le táirgeadh, cothabháil agus deireadh ré na feithicle a úsáideann an tseirbhís iompair a ríomh trí úsáid a bhaint as luachanna réamhshocraithe i mbunachar sonraí lárnach AE, bunaithe ar an modheolaíocht a d'fhorbair an Coimisiún.*** |

Or. en

4.4.2024 A9-0070/121

**Leasú 121**
**Marian-Jean Marinescu**
thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil** **A9-0070/2024**
**Pascal Canfin**
Cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair
(COM(2023)0441 – C9-0305/2023 – 2023/0266(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 c. Faoin... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an modheolaíocht dá dtagraítear i mír 1b den Airteagal seo a bhunú.*** |
| | ***Beidh an mhodheolaíocht sin bunaithe ar mhodheolaíochtaí an Mheasúnaithe Saolré (LCA) arna ndíorthú ó na modheolaíochtaí le haghaidh astaíochtaí saolré a fhorbraítear i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/631, Rialachán (AE) 2023/1542 agus Rialachán (AE) 2019/1242. I gcás na hearnála muirí, eitlíochta agus iarnróid, féadfar na caighdeáin idirnáisiúnta is déanaí a chur san áireamh, i gcás inarb iomchuí.*** |

Or. en